



Tástáil Antaigine ar leanaí neamhshiomptómacha i bpodanna bunscoile nuair a shainaithnítear cás dearbhaithe de COVID-19

25 Samhain 2021

A Phríomhoide a chara,

Seo nuashonrú ar na pleananna chun úsáid tástála antaigine i gcúinsí áirithe do leanaí neamh-shiomptómach agus do leanaí atá mar chuid de phod seomra ranga, áit a bhfuil cás COVID-19 dearbhaithe, a sholáthar. Beidh na bearta seo ag tosú ó Luan 29 Samhain.

Deimhníonn FSS go bhfuil riosca íseal tarchuir COVID-19 ó leanaí neamhshiomptómacha (atá ar fónamh). Mar gheall ar na bearta atá curtha i bhfeidhm agat féin agus d'fhoireann le linn na paindéime seo, mar aon le tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí, lean scoileanna mar thimpeallachtaí riosca réasúnta íseal agus ní rabhadar mar thiomántóir do tharchur COVID-19 i leanaí. Is beart breise chun tacú le thuismitheoirí agus scoileanna iad tástálacha antaigine a thairiscint do leanaí a shainaithnítear mar chuid de phod ina raibh cás dearbhaithe de COVID 19. Is féidir le leanaí atá ar fónamh agus nach bhfuil aon chomharthaí COVID-19 nó riospráide acu fanacht ar scoil fad a bhíonn a dtástálacha antaigine á ndéanamh acu. Tá iarrtha ag an FSS, le tacaíocht ón Roinn Oideachais, ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí a chinntiú nach gcuireann siad a leanbh ar scoil má bhíonn comharthaí acu atá de réir COVID-19 nó má tá tástáil PCR nó antaigine dearfach ag a leanbh.

Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí príomhoide scoile a linbh a chur ar an eolas láithreach má bhíonn toradh tástála dearfach (braite) COVID-19 ag a leanbh. Ba cheart don phríomhoide teagmháil a dhéanamh ansin le thuismitheoirí nó caomhnóirí na leanaí eile sa phod ábhartha m.sh. bord laistigh den rang sin agus comhairle a chur orthu conas féidir leo tástálacha antaigine a iarraidh dá leanbh más mian leo. Níor cheart do phríomhoidí scoile aon sonraí aitheantais faoin gcás dearbhaithe a roinnt.

Toisc go bhfuil an clár tástála deonach, ní gá do phríomhoidí scoile sonraí a bhailiú faoin líon leanaí a dhéanann tástáil antaigine agus níor cheart dóibh aon taifid a choinneáil a bhaineann le torthaí leanaí aonair nó cibé acu an raibh nó nach raibh siad mar chuid den phróiseas tástála antaigine.

Tá a fhios againn, ag brath ar mhéid an ranga agus ar an mbonneagar, go bhféadfadh éagsúlacht a bheith i gceist le méid na bpodanna, ach táimid ag cur i gcuimhne do phríomhoidí agus d'fhoireann na scoile a chinntiú go gcoinnítear méideanna na bpodanna chomh beag agus is féidir. Déantar é seo chun cosaint a thabhairt i gcoinne leathadh an ionfhabhtaithe. Má eascraíonn dhá chás dearfach nó níos mó de COVID-19 i rang, laistigh de thréimhse seacht lá, lasmuigh de phod amháin, is féidir tástáil antaigine mar atá thuas a thairiscint don rang iomlán. Táimid ag iarraidh ar phríomhoidí scoile teachtaireacht téacs agus litir a chur chuig thuismitheoirí nó caomhnóirí leanaí sa phod ábhartha le cur in iúl dóibh gur féidir leo tástálacha antaigine a iarraidh dá leanbh. Ní mór do phríomhoidí scoile uimhir



rolla na scoile a chur ar fáil chomh maith sa téacs agus sa litir sin, chun go mbeidh tuismitheoirí in ann na tástálacha antaigine a iarraidh.

Nuair a chuirtear in iúl do phríomhoide go bhfuil toradh tástála dearfach (braite) PCR COVID 19 ag leanbh, iarrtar ar phríomhoidí téacs agus an litir mholta thíos a sheoladh ag na tuismitheoirí eile sa phod, a léiríonn conas tástálacha antaigine saor in aisce a iarraidh dá leanaí sa phod aitheanta.

Beidh ar thuismitheoirí a n-ainm agus a seoladh baile mar aon le huimhir rolla na scoile a chur ar fáil nuair a ghlaonn siad le seachadadh tástála antaigine a shocrú. Déanfar bosca de 5 thástáil antaigine a sheachadadh chuig an seoladh a thabharfaidh na tuismitheoirí le treoracha maidir le conas agus cathain ba chóir na tástálacha a dhéanamh. Tá físeán ullmhaithe do thuismitheoirí chun cuidiú le riar na tástála. Ba chóir do thuismitheoirí tástáil antaigine amháin a dhéanamh an lá a fhaigheann siad bosca na dtástálacha, an dara tástáil 2 lá ina dhiaidh sin, agus an tríú tástáil 2 lá ina dhiaidh sin arís.

Cuirfear cód MF ar fáil chun deis a thabhairt do thuismitheoirí FSS a chur ar an eolas faoi thorthaí na tástála más mian leo.

Is féidir le gach leanbh sa phod leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil fad agus a fhanann siad neamhshiomptómach agus nach bhfuil toradh dearfach antaigin COVID-19 nó tástáil PCR faighte acu.

Tá sé tábhachtach a bheith san airdeall nach bhfuil rannpháirtíocht sa chlár tástáil antaigine éigeantach agus is féidir le leanaí sa phod nach bhfuil aon comharthaí den chás deimhnithe COVID-19 acu leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil cibé ar ghlac siad nó nár ghlac siad páirt sa chlár tástála antaigine.

Níltear ag iarraidh ar thuismitheoirí ná ar chaomhnóirí a chur in iúl don scoil faoi thorthaí tástálacha antaigine a linbh. Níor chóir go gcuirfeadh an clár tástála antaigine isteach ar aon bhealach ar ghnáth-eispéireas oideachais leanaí.

Tá sé thar a bheith tábhachtach a mheabhú do chách má tá aon comharthaí riospráide agat gur chóir duit féin-aonrú sa bhaile agus tástáil PCR COVID-19 a fháil. Go fiú má bhíonn tástáil COVID-19 an linbh diúltach, má leanann siomptóim riospráide orthu níor chóir dóibh freastal ar scoil mar d'fhéadfadh siad ionfhabhtuithe víreasacha eile a scaipeadh.

Tá comhairle dhifriúil ag an bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE) do dhaoine de gach aois gan vacsaíniú, lena n-áirítear leanaí a aithnítear mar dhlúth-theagmhálacha i suíomh teaghlaigh. Má tá cás laistigh de theaghlach, caithfidh gach leanbh neamh-vacsainithe faoi bhun 13 bliana d'aois srian a chur ar a ngluaiseachtaí agus tástáil PCR COVID-19 a fháil ar lá 0 agus lá 10. Tarlaíonn sé seo toisc go leanann an teaghlach an riosca is airde maidir le tarchur COVID 19.

De ghnáth ní gá múinteoirí agus CRSanna a mheas mar “bhaill pod” toisc na bearta atá i bhfeidhm sa seomra ranga, lena n-áirítear fadú agus caitheamh maisc. Mar sin féin, mar bheart réamhchúraim breise don fhoireann atá ag obair sa seomra ranga, má bhíonn cás dearbhaithe i bpod, féadfaidh CRS nó ball foirne eile atá ag obair go dlúth le leanaí sa phod



leas a bhaint as na tástálacha antaigine freisin agus iad a iarraidh sa chaoi céanna go ndéanann tuismitheoirí/caomhnóirí iad a thaiscint. Má bhíonn cás breise sa dara pod laistigh de sheacht lá, féadfaidh an múinteoir ranga agus baill foirne eile atá ag obair sa seomra ranga na tástálacha antaigine a iarraidh tríd an uimhir Saorfhón. Beart deonach amach is amach é seo agus ba cheart don fhoireann leanúint ar aghaidh ag freastal ar an láthair oibre ach amháin má léiríonn

Go raibh maith agat as do thacaíocht maidir leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm.

Le gach dea-ghuí

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta

Do phríomhoidí má chuireann tuismitheoir ar an eolas é/í go bhfuil toradh tástála dearfach PCR COVID 19 faighte ag leanbh,

1. Téacs a sheoladh chuig tuismitheoirí a bhfuil leanbh acu i bpod nuair atá cás COVID-19 deimhnithe ann

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara, tá curtha ar an eolas mé go bhfuil toradh dearfach COVID-19 faighte ag leanbh atá in aon phod le do leanbh XX. Má tá tú ag iarraidh tástála antaigine a fháil do do leanbh, ní mór glaoch a chur ar an uimhir Saorfhón. Beidh ort ainm an linbh agus do sheoladh baile mar aon le huimhir rolla na scoile XXXXXXXXXXXX a chur ar fáil chun an tástála antaigine a fháil. Is féidir le do leanbh leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil fad agus a fhanann siad neamhshiomptómach agus nach bhfuil toradh dearfach antaigin COVID-19 nó tástáil PCR faighte acu. Má tá aon comharthaí riospráide ag do leanbh, ba chóir dó/di féin-aonrú sa bhaile agus tástáil PCR COVID-19 a fháil. Féach ar an litir a sheol mé chugat ar ríomhphost/Aladdin srl.

2. Téacs le haghaidh litir a sheoladh chuig tuismitheoirí a bhfuil leanbh acu i bpod nuair atá cás COVID-19 deimhnithe ann

A Thuismitheoir/Chaomhnóir a chara,

Tá mé ag scríobh chugat chun a chur in iúil duit go bhfuil toradh dearfach COVID-19 faighte ag leanbh atá in aon phod le do leanbh XX i rang XX. Chuir a thuismitheoir/tuismitheoir/chaomhnóir/caomhnóir ar an eolas mé faoi seo.

Faoin glcár tástála antaigine ar leanaí i bpodanna bunscoile, tá tú incháilithe tástála antaigine a iarraidh do do leanbh.

Má tá tú ag iarraidh é seo a dhéanamh, ní mór glaoch a chur ar an uimhir Saorfhón chun tástála antaigine a iarraidh do do leanbh sa phod aitheanta.

Beidh ort ainm an linbh agus do sheoladh baile mar aon le huimhir rolla na scoile XXXXXXXXXXXX a chur ar fáil chun an tástála antaigine a fháil.



Déanfar bosca de 5 thástáil antaigine a sheachadadh chuig an seoladh a thabharfaidh na tuismitheoirí le treoracha maidir le conas agus cathain ba chóir na tástálacha a dhéanamh.

Tá físeán ar fáil ar shuíomh an FSS a thaispeánann conas is féidir le tuismitheoirí tástála antaigine a dhéanamh ar a leanbh.

Cuirfear cód MF ar fáil chun deis a thabhairt do thuismitheoirí FSS a chur ar an eolas faoi thorthaí na tástála más mian leo.

Is féidir le gach leanbh sa phod leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil fad agus a fhanann siad neamhshiomptómach agus nach bhfuil toradh dearfach antaigin COVID-19 nó tástáil PCR faighte acu.

Níl rannpháirtíocht sa chlár tástáil antaigine éigeantach agus is féidir le leanaí sa phod nach bhfuil aon comharthaí den chás deimhnithe COVID-19 acu leanúint ar aghaidh ag freastal ar scoil cibé ar ghlac siad nó nár ghlac siad páirt sa chlár tástála antaigine.

Níltear ag iarraidh ar thuismitheoirí ná ar chaomhnóirí a chur in iúl don scoil faoi thorthaí tástálacha antaigine a linbh. Níor chóir go gcuirfeadh an clár tástála antaigine isteach ar aon bhealach ar ghnáth-eispéireas oideachais leanaí.

Má tá aon comharthaí riospráide ag do leanbh, ba chóir dó/di féin-aonrú sa bhaile agus tástáil PCR COVID-19 a fháil. Go fiú má bhíonn tástáil COVID-19 an linbh diúltach, má leanann siomptóim riospráide orthu níor chóir dóibh freastal ar scoil mar d'fhéadfadh siad ionfhabhtuithe víreasacha eile a scaipeadh.

Tá comhairle dhifriúil ann do dhaoine de gach aois gan vacsaíniú, lena n-áirítear leanaí a aithnítear mar dhlúth-theagmhálacha i suíomh teaghlaigh. Má tá cás laistigh de theaghlach, caithfidh gach leanbh neamh-vacsaínithe faoi bhun 13 bliana d'aois srian a chur ar a ngluaiseachtaí agus tástáil PCR COVID-19 a fháil ar lá 0 agus lá 10. Tarlaíonn sé seo toisc go leanann an teaghlach an riosca is airde maidir le tarchur COVID 19.

Le gach dea-ghuí

XXXXX